# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*



# *Scéim Mharcála agus Freagraí Samplacha*

**(Tá glacadh le freagraí eile atá bailí agus déantar iad a mharcáil dá réir sin)**

# CEIST A-1

**MARCANNA**

**(a) Teilgean Démhéadrach a chríochnú *(16)***

(i) Dromchlaí ceartingearacha an phriosma chearnaigh atá riachtanach a aimsiú .......**4**

(ii) Suíomh na bpointí **'e'** agus **'f'** ..................................................................**2**

(iii) Dromchla 'abfe' a chríochnú ........................................................................**3**

(iv) Suíomh na bpointí **'g'** agus **'h'** ..................................................................**2**

(v) Dromchla 'bchgf' a chríochnú ........................................................................**3**

(vi) Dromchla bairr iomlán an phriosma chearnógaigh a chríochnú ............................**2**

**(b) An fhíoruillinn idir dromchla 'abcd' agus an P.C. a aimsiú *(4)***

(vii) An uillinn atá riachtanach a aimsiú agus a chur in iúl ......................................**4**

***Iomlán = 20***

# CEIST A-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló an chláir líníochta agus na ndronbhacart a chríochnú *(16)***

(i) Teilgean na bpointí chuig an ingearchló ..........................................................**2**

(ii) Ingearchló an chláir líníochta a chríochnú .......................................................**2**

(iii) Suíomh thrí líne eile an dronbhacairt 30°/60° a aimsiú san ingearchló ..................**4**

(iv) Suíomh thrí líne 'thriantáin sheachtraigh' an dronbhacairt 45° a aimsiú san ingearchló ..................................................................................................**4**

(v) Suíomh thrí líne 'thriantáin inmheánaigh' an dronbhacairt 45° a aimsiú san ingearchló ..................................................................................................**4**

**(b) Teilgean na líne atá ag teastáil a aimsiú (*4*)**

(vi) Teilgean na líne ag uillinn 45° le bhun an chláir a tharraingt i gceart .....................**2**

(vii) An líne cheart atá ag teastáil a tharraingt san ingearchló agus sa bhonnchló .........**2**

***Iomlán = 20***

## CEIST A-3

**MARCANNA**

**(a) Parabóil a Thógáil (*16*)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Suíomh na haise | **2** |
| (ii) | Suíomh na rinne | **3** |
| (iii) | Pointí a aimsiú faoin latus rectum | **6** |
| (iv) | Pointí a aimsiú os cionn an latus rectum | **2** |
| (v) | An cuar a tharraingt | **3** |

**(b) Normalach (*4*)**

| | | |
|---|---|---|
| (vi) | An tógáil atá de dhíth agus normalach a tharraingt ... (2, 2) | **4** |

***Iomlán = 20***

## CEIST A-4

**MARCANNA**

**(a) An fad cothrománach is giorra idir línte sceabhacha *(17)***

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Líne ó A atá comhthreomhar le CD (nó ó C atá comhthreomhar le AB) a tharraingt san ingearchló | **2** |
| (ii) | Líne ó A atá comhthreomhar le CD (nó ó C atá comhthreomhar le AB) a tharraingt sa bhonnchló | **2** |
| (iii) | Bonnchló na líne cothrománaí ar ceachtar plána a aimsiú | **3** |
| (iv) | $X_1Y_1$ ingearach leis an líne chothrománach | **2** |
| (v) | Teilgin AB agus CD ar $X_1Y_1$ | **2** |
| (vi) | $X_2Y_2$ ingearach le leis an líne $X_1Y_1$ | **1** |
| (vii) | Teilgin AB agus CD ar $X_2Y_2$ | **2** |
| (viii) | Teilgean an fhaid chothrománaigh is giorra chuig an mbonnchló agus an ingearchló | **3** |

**(b) Fíorfhad AC *(3)***

| | | |
|---|---|---|
| (ix) | Tógáil chun fíorfhad AC a aimsiú | **3** |

***Iomlán = 20***

# CEIST B-1

**MARCANNA**

**(a) Taobhchló, Bonnchló agus Ingearchló *(20)***

(i) An taobhchló riachtanach a tharraingt ....................................................................**5**

(ii) An bonnchló riachtanach a tharraingt ......................................................................**7**

(iii) An t-ingearchló riachtanach a tharraingt..................................................................**8**

**(b) Bonnchló agus ingearchló an sféir choinneála *(14)***

(iv) An bonnchló a tharraingt mar a thugtar ..................................................................**3**

(v) Airde na bpointí r, s agus t a aimsiú ......................................................................**3**

(vi) Airde an cheithre phointe ‘thrasnacha’ atá ag teastáil a aimsiú ..............................**4**

(vii) Ingearchló an lógó triantánaigh a chríochnú (sonra ceilte san áireamh)..................**4**

**(c) Forbairt Dromchla an Phriosma *(11)***

(viii) Forbairt na ndromchlaí **A**, **B** agus **C** a tharraingt.....................................................**3**

(ix) Tarraing forbairt na ndromchlaí cearnógacha atá fágtha .........................................**3**

(x) Tarraing forbairt na dtaobhanna peinteagánacha .....................................................**2**

(xi) Tarraing forbairt an lipéid .........................................................................................**3**

***Iomlán = 45***

# CEIST B-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló agus Bonnchló na bplánaí trasnacha ABC agus ABD *(8)***

(i) Na comhordanáidí a thugtar a úsáid leis an ingearchló a tharraingt (4 phointe chearta á gceangal) ....................3

(ii) Tarraing bonnchló na bplánaí ABC agus ABD ....................5

**(b) Uillinn Dhéhéidreach (12)**

(iii) $X_1Y_1$ nua comhthreomhar leis an líne trasnaithe AB....................3

(iv) Teilgean na bplánaí agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ nua ....................3

(v) $X_2Y_2$ eile ingearach leis an líne trasnaithe AB ....................3

(vi) ABC agus ABD a theilgean mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl .......3

**(c) Claonadh ABC le plána cothrománach agus Fíorchruth ABC (*14*)**

(vii) Teilgin na líne cothrománaí riachtanaí ar ABC … (2,1,2) ....................5

(viii) $X_1Y_1$ ingearach le bonnchló na líne cothrománaí cirte ....................2

(ix) Teilgean phlána ABC chuig an gcló cúnta agus fíorchlaonadh a chur in iúl ..........3

(x) Fíorchruth ABC a aimsiú ....................4

**(d) Bonnchló phointe E agus teilgin a chríochnú *(11)***

(xi) Tarraing ingearchló phlána ADE ....................3

(xii) $X_1Y_1$ nua comhthreomhar leis an líne trasnaithe AD ....................2

(xiii) Teilgean phlána ABD ar $X_1Y_1$ nua ....................2

(xiv) $X_2Y_2$ breise ingearach le líne trasnaithe AD ....................1

(xv) Teilgean ABD mar chiumhaischló agus an uillinn dhéhéidreach a tharraingt ag 165° ....................2

(xvi) An bonnchló a chríochnú....................1

***Iomlán = 45***

# CEIST B-3

**MARCANNA**

**(a) Peirspictíocht an Struchtúir (40)**

(i) Bonnchló an struchtúir a thugtar a tharraingt ........................................................**8**

(ii) Breathnóir agus bonnchló phlána an phictiúir pictiúir a ionadú (1, 2) ...................**3**

(iii) Bonnchló na bpointí téaltaithe ...................................................................**2**

(iv) Líne na talún, léaslíne, pointí téaltaithe san ingearchló (1, 1, 2) ............................**4**

(v) Línte teilgin ón mbonnchló go dtí an mbreathnóir .................................................**2**

(vi) Peirspictíocht bhonnlínte an struchtúir .... (2x2) ....................................................**4**

(vii) Airde rinn bharr na pirimide a thomhas agus a chur i bhfeidhm ........................... **4**

(viii) Imlíne na pirimide a chríochnú ................................................................. **3**

(ix) Peirspictíocht na línte claonta ar an bpirimid ........................................................**4**

(x) Peirspictíocht na línte comhthreomhara ar an bpirimid ..........................................**6**

**(b) Peirspictíocht na Brataí (5)**

(xi) Bonnchló chuaille ingearach na brataí a tharraingt sa suíomh atá riachtanach .......**1**

(xii) Peirspictíocht chuaille ingearach na brataí ...........................................................**2**

(xiii) Peirspictíocht thaobhanna claonta na brataí ..........................................................**2**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-1

**MARCANNA**

(a) ***Oibreacha Talún don Phlásóg Amais agus Bánóg (21)***

***Oibreacha Talún don Phlásóg Amais (Leibhéalta) - Claífort***

(i) Stuanna comhthreomhara a tharraingt 7.5mm óna chéile........................................**3**

(ii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuair a tharraingt ..................**2**

***Oibreacha talún idir A agus B (Leibhéalta) - Gearradh***

(iii) Línte comhthreomhara a tharraingt 10mm óna chéile ............................................**3**

(iv) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuair a tharraingt ..................**4**

***Oibreacha talún idir B agus C (claífort ag ardú)***

(v) Stua riachtanach 7.5mm a tharraingt ag an suíomh ceart agus tadhall a tharraingt **4**

(vi) Línte comhthreomhara 7.5mm óna chéile a tharraingt ............................................**2**

(vii) Pointí trasnaithe na gcomhrianta a shainaithint agus cuar a tharraingt ...................**3**

**(b) Treo Parabóileach na Liathróide (*12*)**

(viii) Pointe is airde na liathróide ar an gconair a fháil amach .........................................**2**

(ix) Tógáil le pointí ar an bparabóil a aimsiú ..................................................................**5**

(x) Parabóil a tharraingt ..........................................................................................**3**

(xi) Pointe imbhuailte a shonrú ..........................................................................................**2**

**(c) Imbhualadh, ísliú agus tiús an strataim (*12*)**

(xii) Imbhualadh an strataim a aimsiú ..................................................................................**3**

(xiii) Líne $X_1Y_1$ ingearach leis an 'imbhualadh' ...............................................................**2**

(xiv) Ísliú agus tiús riachtanach a bhunú ............................................................................**7**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-2

**MARCANNA**

**(a) Teilgin riachtanacha hipearbólóideach an struchtúir imrothlaithe a tharraingt *(29)***

(i) Ingearchló agus bonnchló an chóin 'ar bun' a tharraingt ....................................**4**

(ii) Suíomh an chiorcail 'scornaí' sa bhonnchló agus san ingearchló ..........................**4**

(iii) Suíomh na n-asamtóití ..........................................................................................**2**

(iv) Tógáil le pointí a aimsiú ar ghéag amháin den hipearbóil san ingearchló .............**8**

(v) Pointí a aimsiú ar an dara géag san ingearchló ......................................................**4**

(vi) Cuair hipearbóileacha a tharraingt …. (Ceann ar bith = 1) ....................................**3**

(vii) Ingearchló agus bonnchló an dhá chóin 'ar bharr' a tharraingt .............................**4**

**(b) Na Pointí Fócais agus Treoirlínte *(6)***

(viii) Tógáil chun na pointí fócais riachtanacha a aimsiú ................................................**3**

(ix) Tógáil chun na treoirlíne riachtanacha a aimsiú ......................................................**3**

**(c) Teilgin den líne is giorra ó S go dtí PQ *(10)***

(x) Ingearchló agus bonnchló na líne PQ a tharraingt ..................................................**4**

(xi) Tógáil chun fad an achair is giorra atá ag teastáil a aimsiú ....................................**4**

(xii) An fad is giorra atá ag teastáil a aimsiú ................................................................**2**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-3

**MARCANNA**

**(a) Taobhchló, Bonnchló agus Ingearchló *(18)***

(i) An taobhchló a tharraingt mar a thugtar .................................................. **4**

(ii) An bonnchló a tharraingt mar a thugtar .................................................. **8**

(iii) An t-ingearchló a tharraingt mar a thugtar .............................................. **6**

**(b) Uillinn dhéhéidreach idir dromchlaí A agus B *(12)***

(iv) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe ........................................ **3**

(v) Teilgean dhromchlaí A agus B agus na líne trasnaithe ar $X_1Y_1$ nua ..................... **3**

(vi) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne thrasnaithe ......................................... **3**

(vii) Teilgean na ndromchlaí mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl............ **3**

**(c) Forbairt na nDromchlaí A, B agus C (*7)***

(viii) Tógáil cheart le fíorchruth dhromchla **C** a aimsiú ...................................**2**

(ix) Tógáil cheart le fíorchruth dhromchla fiar **B** a aimsiú ...............................**3**

(x) Tógáil cheart le fíorchruth dhromchla fiar **A** a aimsiú ..............................**2**

**(d) Teilgin lámh an chloig ar dhromchla C a aimsiú *(8)***

(xi) Teilgin chearta na lámh ar dhromchla **C** ................................................**2**

(xii) Ingearchló na lámh..........................................................................................**3**

(xiii) Bonnchló na lámh ..........................................................................................**3**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-4

**MARCANNA**

**(a) Léaráid den Cheam agus Léaráid Díláithriúcháin *(23)***

(i) An ceamsheafta agus dhá chuar ciorclach a tharraingt............................................**3**

(ii) An ciorcal a roinnt ina 12 chuid chothroma ...........................................................**2**

(iii) Rannáin chothrománacha 12mm óna chéile ar an léaráid díláithriúcháin ...............**2**

(iv) Airdí a aistriú go dtí an léaráid díláithriúcháin ......................................................**2**

(v) Airde a bhunú ag eatramh 90° agus an cuar 'in airde' a tharraingt ........................**3**

(vi) An líne 'fosaidh' chothrománach cheart a tharraingt .............................................**1**

(vii) Tógáil chun an G.A.S a aimsiú (7 gcinn ar a laghad de phointí deiridh san áireamh) …..........................................................................................................**5**

(viii) Cuar GAS a tharraingt …. (ceann ar bith = 1) .......................................................**2**

(ix) Próifíl an cheama a chríochnú.....................................................................................**3**

**(b) Lócas phointe T *(22)***

(x) Imlíne an tochaltóra agus an líne AB a tharraingt ...................................................**8**

(xi) An roth a roinnt ina chodanna 30° ..........................................................................**2**

(xii) Ranna comhfhreagracha céimithe go cothrománach ..............................................**3**

(xiii) Pointí ar an lócas a aimsiú .........................................................................................**6**

(xiv) Lócas atá ag teastáil a tharraingt... (ceann ar bith = 1) ..........................................**3**

***Iomlán = 45***

# CEIST C-5

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló Gearrtha *(45)***

***Cóimeáil (7)***

(i) Ionad na bpáirteanna i gcomhréir lena chéile ........................................7

***Brac Íochtair (6)***

(ii) Imlíne ........................................4

(iii) Cuid thadhlaíoch ........................................2

***Brac Íochtair (6)***

(iv) Imlíne ........................................3

(v) Cuair ........................................2

(vi) Géag shorcóireach ........................................1

***Feiste Sclóine (6)***

(vii) Imlíne na feiste sclóine ........................................4

(viii) Sonraí istigh ........................................2

***Géag Sclóine agus Fearsaid Géag Sclóine (6)***

(ix) Imlíne na géige sclóine a tharraingt mar atá ag teastáil ........................................3

(x) Sonraí Istigh na Géige Sclóine ........................................2

(xi) Fearsaid Géag Sclóine ........................................1

***Cabhail Choinneálaí Fóin (6)***

(xii) Imlíne Cabhlach Choinneálaí Fóin ........................................4

(xiii) Sonraí istigh ........................................2

***Glas Luamháin Ceama agus Fearsaid Luamháin Ceama (4)***

(xiv) Imlíne an ghlais luamháin ceama a tharraingt mar atá ag teastáil ........................................2

(xv) Sonraí Istigh an ghlais luamháin ceama ........................................1

(xvi) Fearsaid Luamháin Ceam ........................................1

***An líníocht a chríochnú (4)***

(xvii) Cur i láthair, haitseáil agus lárlínte ........................................4

***Iomlán = 45***


# ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.


**A-1.** Taispeánann an íomhá thíos tromán páipéir. Sa troman páipéar tá ciúb agus priosma cearnógach a thrasnaíonn a chéile. Taispeánann an líníocht teilgean démhéadrach neamhiomlán den tromán páipéir.
Taispeántar cló pictiúrtha freisin.

**(a)** Críochnaigh teilgean démhéadrach an tromáin páipéir.

**(b)** Aimsigh, agus cuir in iúl ina céimeanna, an fhíoruillinn idir an dromchla **abcd** agus an plána cothrománach.









**A-3.** Taispeánann an íomhá thíos droichead parabóileach atá suite ag acomhal an M50 i mBaile Átha Cliath.
Sa líníocht, taispeántar an treoirlíne **DD₁**, an fócas **F** agus dhá phointe, **P** agus **Q** ar pharabóil dá leithéid.

**(a)** Aimsigh an ais agus an rinn, agus tarraing cuid den chuar parabóileach a rachaidh trí **P** agus **Q**.

**(b)** Tóg normal leis an gcuar ag pointe **P**.







**A-2.** Taispeánann an íomhá thíos clár líníochta agus dhá dhronbhacart. Taispeánann an líníocht ar dheis an bonnchló agus ingearchló neamhiomlán de chlár líníochta dá leithéid, chomh maith le dronbhacart 30°/60° agus dronbhacart 45°.

**(a)** Críochnaigh ingearchló agus bonnchló an chláir líníochta agus an dá dhronbhacart.

**(b)** Tarraingítear líne ó phointe **A** ar dhromchla an chláir. Is 50mm é fíorfhad na líne agus tá an líne ar fhíoruillinn 45° le himeall íochtarach an chláir.
Tarraing teilgin na líne sin.







**A-4.** Taispeánann an íomhá thíos buidéal cumhráin agus feadáin idirleata.
Tá ingearchló agus bonnchló tugtha ar dheis, agus taispeántar iontu dhá fheadán dá leithéid. Sheasann na línte sceabhacha **AB** agus **CD** don dá fheadán.


**(a)** Aimsigh teilgin na líne cothrománaí is giorra idir na línte sceabhacha.

**(b)** Aimsigh fíorfhad líne a cheanglaíonn **A** agus **C**.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**





Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal

Scéim Mharcála


Ceist B-1

Scála: n/a


2020




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist B-2 | |
| Scála: n/a | 2020 |




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist B-3 |
| | Scála: n/a — 2020 |





Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal

Scéim Mharcála


Ceist C-1

Scála: n/a


2020





| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist C-2 |
| Scála: n/a | 2020 |




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist C-3 | |
| Scála: n/a | 2020 |




| | |
|---|---|
| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist C-4 |
| | Scála: n/a · 2020 |



| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-5 | |
| | Scála: n/a | 2020 |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
# Tasc an Dalta - Ardleibhéal
# Bileog Mheasúnachta 2020

| Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|
| |

| Aschur | Critéir Mharcála | | | Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Taighde Dearaidh** - Príomhghnéithe dearaidh a fhiosrú trí bhuntaighde & taighde tánaisteach a úsáid; Grafaicí iomchuí a roghnú; Leagan amach éifeachtach & cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán de na critéir – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 2 | **Comparáid idir Ghnéithe Dearaidh -** Dhá íomhá oiriúnacha a roghnú; Príomhthoisí a chur isteach; Comparáid idir na príomhghnéithe dearaidh; Codarsnacht idir na príomhghnéithe dearaidh; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach na faisnéise, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 3 | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | | |
| 4 | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht agus comhaid eDrawings** | | | |
| | • **Cloí leis an struchtúr comhdúcháin riachtanach** | 4 | | |
| | • **Ar a laghad 5 chomhad de na páirteanna a chruthú** | 2 | | |
| | • **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach, barainneacht dearaidh agus cuspóir an dearaidh san áireamh; An phróifíl is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú/coinníollacha deiridh den chineál ceart a úsáid | 10 | | |
| | • **Cóimeáil** – Timpeallacht na cóimeála a chruthú; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt i gcrích | 5 | | |
| | • **Fachtóir Deacrachta** | 5 | | |
| | • **eDrawing den tsamhail CAD** | 2 | | |
| 5 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks -** Clónna mionsonraithe ortagrafacha den déantán roghnaithe; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthoisí, nótaí agus siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **13 - 15** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **10 - 12** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **7 - 9** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **4 - 6** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 3** | | |
| 6 | **Léiriú Fótairéalaíoch** | | | |
| | Íomhánna fótairéalaíocha den déantán, arna cheapadh ar ríomhaire, a chur ar fáil | 7 | | |
| 7 | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh -** Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an bhfaisnéis, le híomhánna, sceitsí & nótaí | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **21 - 25** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **16 - 20** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **11 - 15** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **6 - 10** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 5** | | |
| 8 | **Mionathrú/Coincheap Dearaidh a Chur i Láthair –** Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | | | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **9 - 10** | | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **7 - 8** | | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **5 - 6** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **3 - 4** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 2** | | |
| 9 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks –** Samhail CAD; Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á chur chun cinn; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Íomhá fhótairéalaíoch; Na príomhthoisí, nótaí, siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | | |
| | • **Scileanna CAD a chur in úsáid** | **5** | **5** | |
| | a) Breithniú déanta ar réimse leathan de na critéir ábhartha go léir – cur i láthair den scoth | **17 - 20** | **5** | |
| | b) Breithniú déanta ar an gcuid is mó de na critéir ábhartha – cur i láthair an-mhaith | **13 - 16** | **15** | |
| | c) Breithniú déanta ar roinnt de na critéir ábhartha – cur i láthair maith | **9 - 12** | | |
| | d) Breithniú déanta ar bheagán critéar – cur i láthair réasúnta | **5 - 8** | | |
| | e) Breithniú déanta ar chritéar amháin ar a laghad – cur i láthair lag | **0 - 4** | | |

5 Marks Fachtóir Deacrachta
15 Marks Aschuir chruachóipe

| **Fo-iomlán** | | **Déantar marcanna a dhealú i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | | **Iomlán** | |
|---|---|---|---|---|---|